MÁISTIR GAOITHE & AN CHILLÍN LIATH PLEAN CEANTAR ÁITIÚIL

1.0 COMHTHÉACS

1.1 Suíomh

Dhá nód lonnaíochta i lár tíre is ea Máistir Gaoithe agus An Chillín Liath, iad ar bhóithre áitiúla taobh leis an N70 ar Leithinis Uíbh Ráthaigh. Táid suite thart ar 9cm soir ó thuaidh ón gCoireán agus 13 cm ó dheas ó Chathair Saidhbhín. Tá an dá lonnaíocht beagnach 4cm óna chéile. Don phlean ceantar áitiúil seo pléitear leis an dá lonnaíocht i dteannta a chéile toisc iad a bheith teagmhasach agus nasctha ó thaobh feidhme, seirbhísí agus pobail de. Tá an dá lonnaíocht suite laistigh de Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh.



Fíor 1.1 Suíomh na lonnaíochtaí

1.2 Daonra

Níl aon fhigiúirí daonra ar fáil don shráidbhaile Máistir Gaoithe/An Chillín Liath. Tá sé laistigh de Thoghcheantair Doire Ianna agus Máistir Gaoithe. Idir 2002 agus 2006 tháinig laghdú ar an ndaonra ó 292 go 285. Bhí laghdú beag arís air go 271 duine i nDaonáireamh 2011.

1.3 Feidhm & Áiseanna
Bíonn riachtanais mhuintir na dúthaí móire máguaird ar fáil i Máistir Gaoithe/An Chillín Liath do phobal atá scaipthe go maith, iad ag brath go príomha ar thalmhaíocht is ar fhoraoiseacht chun slí beatha a bhaint amach.

Tháinig meath éigin ar lonnaíocht Mháistir Gaoithe i gcaitheamh na mblianta toisc gur dúnadh an scoil thiar sna 970idí luatha is an séipéal sna 1990idi luatha. Is sa Chillín Liath atá na háiseanna úd anois dóibh. Is sa Chillín Liath freisin atá "Forbairt na Dromaide" mar a bhfuil tigh tábhairne, brú na Dromaide, halla pobail/ionad cúram lae agus tioscail/gnóthaí tráchtála go léir in aon lárionad mór amháin. Níl faic i Máistir Gaoithe anois ach Oifig an Phoist agus dornán beag tithe cónaithe.

Go bunúsach is ceantar tuaithe é Máistir Gaoithe anois agus an-chud tithe tuaithe scaipthe thart air. Is lonnaíocht scaipthe anois é i ndáiríre seachas sráidbhaile sa chiall traidisiúnta de. Téann slí siúlóide Slí Chiarraí tríd an gceantar. Tá deiseanna breise ansiúd dá bharr chun margadh na turasóireachta a fhorbairt don lucht sainspéise úd.

1.4 Bonneagar
Grúpscéim uisce a fhreastalaíonn ar An Chillín Liath. Níl aon fhearas cóireála fuíolluisce sa tsraidbhaile ná níl sé i gceist a leithéid a chur isteach.

1.5 Struchtúr Ailtireachta
Lonnaíocht tuaithe scaipthe is ea An Chillín Liath is í suite idir an bóthar agus Abhainn na hUíne. Níl ann ach séipéal, scoil agus ionad seirbhísí pobail ina lár istigh. Níor forbraíodh dreach sráide i ndáiríre ach tithe aonair chónaithe ach gan a bheith ar aon líne amháin. Tá dearadh an-mhaith déanta ar na foirgintí sa bhforbairt ar a dtugtar "Ionad na Dromaide" (féach anso thíos).

1.6 Oidhreacht Ailtireachta & Seandálaíocht
Tá Struchtúr Cosanta Taifeadta amháin; an seantigh Scoile Náisiúnta i Máistir Gaoithe (Uimh. Thag. 21308901). Tá roinnt séadchomharthaí taifeadta sa cheantar is ceann

amháin díobh laistigh de lonnaíocht Mháistir Gaoithe; sin gallán atá suite thart ar 60 méadar ó thuaidh ón seanscoil (Uimh. Thag. KE089-020)

1.8 Timpeallacht Nádúrtha agus Conláistí
Tá An Chillín Liath suite ar thalamh íseal leibhéalta ar bhruach theas Abhainn na hUíne. Tá coillte cónaiféaracha go flúirseach sa dúthaigh máguaird. Breis is 4 cm ó dheas éiríonn an talamh go dtí beanna atá breis is 650 méadar ar airde mar a bhfuil lochanna mar shampla Loch Doire Ianna. Tá an limistéar úd ar fad laistigh de Limistéar iarrtha Caomhnaithe Speisialta mar chuid de Pháirc Náisiúnta Chill Airne.

1.9 Trácht idir Feithclí agus Coisithe
Bíonn an sráidbhaile gnóthach go leor ó thaobh tráchta de le linn biaiste na dturasóirí ach toisc gur áit iargúlta í seo, ní bhíonn le feiscint go príomha i rith an gheimhridh ach muintir na háite. Níl gréasán cosán in aon chor ann.

1.10 Fostaíocht
Tá aonad amháin tráchtála in Ionad na Dromaide mar a bhfuil comhlacht darb ainm Ivertec Teo. Forbróir bogearraí agus seirbhísí don bhainistiú eolais san earnáil oideachais ag gach leibhéal is ea Ivertec Teo. Oibríonn an chomhlacht breosla Sceilg Ola freisin amach as an gceantar.

1.11 An Ghaeltacht
Tá Máistir Gaoithe agus An Chillín Liath suite laistigh de Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh is dá bhrí sin tá fíorthábhacht ag baint leis an nGaeilge a chaomhnú is a chur chun cinn chun go bhforbrófar an áit.

1.12 Fás agus Forbairt Áitreabh Cónaithe
Go príomha is tithe aonair scaipthe óna chéile atá sa cheantar. I gcaitheamh na mblianta tógadh an-chuid tithe feadh na bóithre isteach is iad siúd ar an dtaobh thuaidh nó taobh na talún don chuid is mó. Caithfidh aon fhorbairt nua chónaithe cloí leis na polasaithe atá sa Phlean Forbartha Contae maidir le lonnaíochtaí faoin dtuath.
Is í an teorainn fhorbraíochta do Mháistir Gaoithe agus don Chillín Liath a mhíníonn fairsinge na dtailte mar a nglacfaí le hiarratais ar fhorbairt nua, san am gcéanna tá spás éigin don bhforbairt gar do lár na lonnaíochta.

2.0 STRAITÉIS FHORBRAÍOCHTA

Is í an fhís atá againn do Mháistir Gaoithe agus don Chillín Liath ar an iomlán ná carachtar patrún na lonnaíochta scaipthe úd atá uathúil ann féin a choimeád, an áit a chur chun cinn mar láthair thaitneamhach don phobal is do chuairteoirí araon agus san am gcéanna an Ghaeilge a chaomhnú is a fheabhsú mar theanga labhartha pobal na háite.

Dá bhrí sin is í seo an straitéis fhorbraíochta:

- A chinntiú go dtógann aon fhorbairt nua ceann mar is cóir de charachtar an cheantair faoi láthair is í de réir scála cuí. Spreagfar forbairtí a bheidh i mbun gnó ó cheann ceann na bliana.

- Athfhorbairt ar ghnóthaí trachtála/miondíola a fhreastalódh ar an bpobal ar láthair oiriúnach a chur chun cinn.

- Labhairt na Gaeilge a chaomhnú agus a chur chun cinn.

- A chinntiú go bhfreastalaíonn aon fhorbairt chónaithe ar riachtanais phobal na háite ar mhian leo buanchónaí a dhéanamh sa cheantar.

- Éiceathurasóireacht agus margaí sainspéise eile a fhorbairt is a spreagadh ar bhonn inmharthana maraon le leathnú is le héagsúlacht áiseanna turasóireachta i dtreo deiseanna fostaíochta.

- A chinntiú go dtagann aon fhorbairt mholta le cuspoirí caomhnaithe na suíomh Natura 2000 atá sa cheantar.

3.0 MÓRCHUSPÓIRÍ

Cuspóir Uimh..	**Bonneagar agus Áiseanna Pobail** **Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:**
ICF-1	Soláthar áiseanna feadh slí siúlóide Slí Chiarraí a spreagadh ag pointí áirithe cuí is ar bhonn inmharthana.